


**Díol spéise daoibh, a mhúinteoirí:**

Is é aidhm aonaid Pathways scoláirí ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna gairme, ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus smaoineamh go háirithe ar an teagasc mar shlí bheatha inmhianaithe.

Is tionscnamh de chuid an Tionscadail Conaire iad na haonaid seo, arna maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), atá lonnaithe san Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC).

Tá 3 aonad ann le haghaidh scoláirí an 3ú bliain, a mhaireann thart ar 2 uair an chloig an ceann:

- Aonad 1: Mo shaol ar fad
- Aonad 2: Riachtanais agus Bealaí
- Aonad 3: Réaltacht fhíorúil

<u>Roinnt pointí tábhachtacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn aonaid Conairí</u>:

- Tá na sleamhnáin réidh le húsáid sa seomra ranga.
- Tá teacht ar nótaí an mhúinteora chomh maith le treoir céim ar chéim do na gníomhaíochtaí ar gach sleamhnán sa PDF a ghabhann leis seo.
- Tá sé tábhachtach sleamhnáin a thaispeáint sa mhodh léirithe (mura moltar a mhalairt a dhéanamh i nótaí an mhúinteora), ós rud é go mbraitheann roinnt

gníomhaíochtaí ar bheochan. Aon uair atá beochan ar shleamhnán, luafar é sin i nótaí an mhúinteora.

- Nuair is i gcló iodálach atá téacs i nótaí an mhúinteora, tugann sé sin le fios gur cheart don mhúinteoir é a úsáid le linn bheith ag caint le scoláirí; aon uair nach bhfuil an téacs i gcló iodálach, d'fhéadfaí glacadh leis gur treoir atá ann don mhúinteoir amháin.
- Is beag ullmhúchán atá ag teastáil ar ábhair. Ó am go chéile agus más dóigh leat go bhfónfadh a leithéid do do chuid scoláirí, is féidir fótachóip a dhéanamh de na sleamhnáin roimh an rang. Más gníomhaíochtaí iad a mbeidh ullmhúchán le déanamh dóibh, luafar a leithéid sin duit ar Shleamhnán 2 agus sna nótaí sleamhnáin.

Go raibh maith agat as triail a bhaint as na haonaid Conairí!

## Aonad 2: Riachtanais agus Bealaí

**Fad:** Thart ar 2 uair a chloig

### Cuspóirí foghlama molta

Táimid ag foghlaim conas...

- plé a dhéanamh ar thacaíochtaí agus ar bhacainní le haghaidh scoláirí ar mian leo tuilleadh staidéir a dhéanamh tar éis na scoile
- smaoineamh ar an tionchar a bhíonn aige ar dhaoine duine cosúil leo féin a fheiceáil i bpost/gairm bheatha ar leith
- taighde a dhéanamh ar riachtanais iontrála le haghaidh cúrsaí ardoideachais éagsúla
- a aithint go bhfuil réimse bealaí ann chun cáiliú, agus go mbíonn buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le gach ceann
- machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar na chéad chéimeanna eile

| Sleamhnáin | Gniomhaiocht | Cad a bheidh ar bun againn? |
|---|---|---|
| 3 | | Réamheolas ar na deilbhíní |
| 4-5 | 1 | Plé a dhéanamh ar bhacainní agus ar thacaíochtaí (lena n-áirítear airgeadas) le haghaidh scoláirí atá ag iarraidh leanúint ar aghaidh le breisoideachas agus ardoideachas |
| 6-9 | 2 | Smaoineamh ar an tábhacht a bhaineann le duine cosúil leat féin a fheiceáil nó aithne a bheith agat ar dhuine sna poist/gairmeacha a ba mhaith leat |
| 10 | 3 | Taighde a dhéanamh ar na riachtanais iontrála le haghaidh réimse cáilíochtaí **NB: tá an t-idirlíon ag teastáil don ghníomhaíocht seo** |
| 11-14 | 4 | Comparáid a dhéanamh idir bealaí traidisiúnta agus bealaí eile leis an gcáilíocht chéanna a bhaint amach **NB: Déan cóipeanna de na cás-staidéir a phriontáil (Sleamhnáin 12-13) roimh ré** |
| 15 | 5 | Cur síos agus anailís a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha againn agus na chéad chéimeanna eile a aithint |
| 16 | | Na cuspóirí foghlama a sheiceáil |
| 17 | Ceacht fairsingthe | Caint le stíl TedTalk a thaifeadadh bunaithe ar an smaoineamh 'see it to be it' |

### Táscairí Folláine

- Nasctha
- Acmhainneach
- Freagrach

### Eochairscileanna

- Léamh agus scríobh a bheith agat
- Tú féin a bhainistiú
- A bheith ar fónamh
- Faisnéis agus smaoineamh a bhainistiú
- A bheith uimheartha
- A bheith cruthaitheach
- Obair le daoine eile
- Cumarsáid


Aonad 2, Réamheolas
Haigh, is mise Dave.
Is deas bualadh leat!
Tá mé anseo le hinsint duit go mbainimid úsáid as deilbhíní (na pictiúir bheaga thíos) san aonad seo. Cuideoidh siad sin leat an méid a bheidh á dhéanamh agat le linn na ngníomhaíochtaí éagsúla a thuiscint. Go mbaine tú sult as (agus raibh tú ag foghlaim)!
Obair aonair
Plé ranga
Obair ghrúpa
Léamh
Obair i bpéirí
Gníomhaíocht fhairsingthe

**SLEAMHNÁN 3**




**SLEAMHNÁN 4**

**Nótaí an mhúinteora**

Iarr ar a bhfuil i láthair an bhfuil duine/daoine ina measc a bheadh sásta an t-eolas ar an sleamhnán a léamh.

Ag brath ar do rang, seans nár mhiste cliceáil ar na hipearnaisc le heolas níos fearr a chur ar na codanna éagsúla.

**NB:** Má tá scoláirí i do rang a léiríonn spéis i bprintíseachtaí, féach: Printíseachtaí; Solas | Fónann Foghlaim

*An bhfuil a fhios ag aon duine faoi aon thacaíocht eile, cúnamh airgid nó eile, atá ar fáil do scoláirí ar mian leo dul ar aghaidh chuig breisoideachas (m.sh. cúrsa iar-Ardteistiméireachta) nó chuig ardoideachas a dhéanamh (m.sh. céim ollscoile)?*

**NB:** Seans nár mhiste ag an bpointe seo aon eolas breise atá agat faoi na tacaíochtaí atá ar fáil a roinnt leis an rang nó insint dóibh faoi thacaíochtaí ar bhain tusa leas astu le dul chun cinn a dhéanamh sa chóras oideachais.

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

*Obair i dteannta a chéile chun crosfhocal nó cuardach focal faoin oideachas a chumadh. Caithfidh trí théarma ar a laghad ón sleamhnán agus trí fhocal/théarma eile ar a laghad a bheith sa chrosfhocal/sa chuardach focal a chumann sibh.*

Ag brath ar do rang, seans nár mhiste roinnt focal/téarmaí a lua mar spreagadh agus míniú a thabhairt orthu, cuir i gcás: CAO [Lár-Oifig Iontrála], DEIS, pointí Ardteistiméireachta, cúrsa iarchéime, cúrsa iar-Ardteistiméireachta, cúrsa bunchéime, srl.

*Déan bhur gcrosfhocal/bhur gcuardach focal a mhalartú le grúpa eile chun an tasc a chríochnú.*

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Cad iad na focail/téarmaí nua (más ann dóibh) a luaigh tú?*
- *Dá mbeadh sé le déanamh arís agat, an bhfuil gné ar bith den chrosfhocal/de chuardach focal a d’athrófá?*
- *Ar thaitin an ghníomhaíocht seo leat? Cén fáth? Cén fáth?*
- *An raibh sé ina chabhair duit níos mó a fhoghlaim go raibh ort rud éigin a dhéanamh leis na focail/téarmaí seachas iad a léamh ón sleamhnán?*




**SLEAMHNÁN 5**

**Nótaí an mhúinteora**

Iarr ar a bhfuil i láthair an bhfuil daoine ina measc a bheadh sásta cás-staidéar Aideen a léamh (ar an sleamhnán).

Roinn an rang i mbeirteanna.

*I gcomhar le do pháirtí, scríobh míniú ar théarmaí 'rochtain (ar sheirbhís, ar oifig nó ar chlár)', 'treoirchomhairleoir,' 'scoil faoi mhíbhuntáiste,' 'CAO' agus 'Máistreacht Iarchéime san Oideachas (M.O.)'.*

*Ansin, freagair na ceisteanna seo a leanas:*

- *Cén fáth a raibh Aideen incháilithe le haghaidh deontas rochtana?* [Freagra: níor bhain ceachtar dá tuismitheoirí céim ollscoile amach, níl ach tuismitheoir amháin aici]
- *Cad a tháinig idir Aideen agus leanúint ar aghaidh lena hoideachas ollscoile tar éis di cúrsa in DIT a dhéanamh?* [Freagra: ní raibh sé d'acmhainn ag Aideen ná ag a teaghlach go leanfadh sí uirthi san oideachas ag an am]
- *Le cois easpa airgid, cad iad na baic eile a d'fhéadfadh teacht sa bhealach ar dhuine ar mhaith leis nó léi cúrsa ollscoile nó cineál eile cúrsa a dhéanamh?* [Freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt: seans nach ndearna siad staidéar ar na hábhair is

gá chuige sin ar scoil, b’fhéidir nach bhfuair siad pointí a dhóthain lena aghaidh, nó b’fhéidir nach nós lena t(h)eaghlach a leithéid a dhéanamh (m.sh. seans go raibh sé de nós ag baill dá t(h)eaghlach riamh anall dul ag obair díreach tar éis an scoil a chríochnú), aistear rófhada le dul acu óna b(h)aile

go dtí an áit a bhfuil an cúrsa ar siúl, easpa iompair phoiblí srl]

Faigh aiseolas ó rogha péirí.

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart do na scoláirí fanacht sna beirteanna céanna don chéad sleamhnán eile.




**SLEAMHNÁN 6**

**Nótaí an mhúinteora**

Iarr ar a bhfuil i láthair an bhfuil daoine ina measc a bheadh sásta cás-staidéar Lena a léamh (ar an sleamhnán).

*I gcomhar le do pháirtí, smaoinigh ar dhá cheist nó níos mó ar mhaith leat a chur ar Lena faoin gcaoi inar éirigh léi deontas a fháil le dul ar an ollscoil.*

Faigh aiseolas ó rogha péirí.




**SLEAMHNÁN 7**

**Nótaí an mhúinteora**

Fiafraigh ar iarratasóir an sliocht atá ar an sleamhnán a léamh os ard.

*Múineann Lena Reiligiún sa scoil DEIS chéanna ar ar fhreastail sí féin agus í ina dalta.*

*Machnaigh leat féin ar feadh nóiméid le liosta a cheapadh de na bealaí ina d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar dhaltaí Lena má insíonn sí dóibh go ndeachaigh sí chuig an scoil chéanna ar a bhfuil siadsan ag freastal agus gur as a gceantar féin ó dhúchas di?*

Roinn an rang i mbeirteanna.

*Roinn an méid a scríobh tú le do pháirtí agus cuir na bealaí go léir a luaigh sibh le chéile in aon liosta amháin.*

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart do na scoláirí fanacht sna beirteanna céanna don chéad sleamhnán eile.




**SLEAMHNÁN 8**

**Nótaí an mhúinteora (Tabhair faoi deara: beidh gá leis an idirlíon chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh)**

Cuir an físeán ar an sleamhnán ar siúl (1.29 nóiméad) (féach:) Tábhacht na héagsúlachta sa seomra ranga)

Ag brath ar do rang, seans nár mhiste an físeán a chur ar siúl faoi dhó.

*Agus an físeán feicthe agat, oibrigh i gcomhar le haon athrú a ritheann leat a dhéanamh ar do liosta faoi na tionchair fhéideartha.*

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart do na scoláirí fanacht sna beirteanna céanna don chéad sleamhnán eile.




**SLEAMHNÁN 9**

**Nótaí an mhúinteora**

Fiafraigh ar iarratasóir an sliocht atá ar an sleamhnán a léamh os ard.

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Cá mhéad i measc na mbeirteanna a bhreac síos rud éigin cosúil le ráiteas Lena (ar an sleamhnán) ina liosta?*
- *Ar smaoinigh tú riamh ar a leithéid roimh inniu?*
- *An mbaineann sé seo le poist/gairmeacha beatha eile seachas an mhúinteoireacht?*
- *Cad eile a bhreac tú síos ar do liosta? An mbaineann na tionchair seo le poist/gairmeacha beatha eile seachas an mhúinteoireacht?*

*Fiú mura bhfuil duine ar do d'aithne a bhfuil post/gairm bheatha aige nó aici ar mhaith leat a dhéanamh, seans, amach anseo, cuimhnigh go mb'fhéidir gur tusa an chéad duine ón scoil nó ón gceantar seo agus an chuma ort agus an tuin chainte agat mar atá le post/gairm bheatha mar seo a bhaint amach. D'fhéadfá bheith i d'eiseamláir do dhaoine eile cosúil leatsa!*

**NB:** Anois an t-am le haon scéal ábhartha ó do shaol féin a roinnt leo.




**SLEAMHNÁN 10**

**Nótaí an mhúinteora (beidh gá leis an idirlíon chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh)**

*Is cuma cén cúrsa a bhfuil dúil agat ann, beidh ort an t-eolas agus an tuiscint atá riachtanach do chúrsa mar seo a chur ar do thoil agat le háit a fháil ar an gcúrsa sin. Déantar é seo le cinntiú go mbeidh eolas a dhóthain ag na mic léinn i mbun an chúrsa chun na nithe a mhúintear ann a thuiscint agus a fhoghlaim. Má tá riachtanais an chúrsa a bhfuil dúil agat ann ar eolas agat, cabhróidh sé seo leat na hábhair Ardteistiméireachta chuí a roghnú chomh maith le cur ar do chumas spriocanna foghlama a leagan síos duit féin.*

*Tá riachtanais iontrála dhifriúla ag institiúidí éagsúla agus is féidir athrú teacht orthu seo le himeacht aimsire. Ba bhailí iad na riachtanais iontrála ar an sleamhnán le haghaidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) in 2024 ach seans gur tháinig athrú orthu ó shin. Ar an ábhar seo, ba chiallmhar an mhaise duit machnamh a dhéanamh ar cén institiúid ar mhaith leat cur isteach uirthi agus tú féin a chur ar an eolas faoi conas é sin a dhéanamh.*

*An bhfuil a fhios ag aon duine cá bhfuil eolas faoi na riachtanais iontrála le fáil?*
[Freagra: i gcás cúrsaí ollscoile – beidh an t-eolas sin le fáil sa réamheolaire ollscoile ábhartha; i gcás cúrsaí breisoideachais – ar shuíomh gréasáin an choláiste breisoideachais ábhartha (is féidir teacht air seo trí Bhord Oideachais agus Oiliúna ); maidir le printíseachtaí – féach Printíseachtaí; Solas | Fónann Foghlaim).

Roinn an rang ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, ag brath ar líon na ngléasanna atá ar fáil.
Iarr ar gach beirt/grúpa dul isteach sa leagan digiteach de réamheolaire bunchéime OCBÁC

*Aimsigh an chuid ina ndéantar cur síos ar an mBaitsiléir san Oideachas Múinteoireachta Bunscoile* (réamheolaire 2024 = leathanaigh 116-119).
Léigh an t-eolas ann agus lena linn sin faigh amach na riachtanais iontrála (réamheolaire 2024 = leathanach 119, pointí íosta le haghaidh gach modúl raoin speisialtóireachta BEd).

*Abraimis go ndéanann tú cúrsa bunchéime de chineál eile ach tagann athrú meoin ort ina dhiaidh sin agus ba mhaith leat bheith i do bhunmhúinteoir, is féidir a leithéid a dhéanamh. Sa chás seo, bheifeá in ann Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (bunscoile) a dhéanamh. Baineann sí seo freisin le daoine a dhéanann cúrsa bunchéime agus a shocraíonn ina dhiaidh sin ar cháilíocht a bhaint amach mar mhúinteoirí meánscoile. Beidh eolas faoi chúrsa den chineál seo le fáil sa réamheolaire iarchéime de chuid na n-ollscoileanna éagsúla.*

**Tabhair faoi deara:** Má tá scoláire ar bith i do rang a léiríonn spéis i ndul le múinteoireacht, is féidir an nasc seo a leanas a roinnt leis nó léi: Cothaíonn Teagasc Athrú ó Bhonn i nDaoine

*Oibrigh i gcomhar chun na riachtanais iontrála le haghaidh 3 chúrsa bunchéime OCBÁC ar a laghad a chuardach.*

Iarr aiseolas ar shampla ionadaíoch de bheirteanna/de ghrúpaí.

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Cad a d'fhoghlaim tú (má fhoghlaim tú aon rud) ón ngníomhaíocht seo (ábhar agus scileanna)?*
- *An bhfuil aon cheist fós gan fhreagairt agaibh? Cén eolas breise ar mhaith leat a fháil?*
- *Cá bhfuil na freagraí ar na ceisteanna le fáil, meas tú, nó an bhfuil duine ann ar féidir leis nó léi tacú leat rochtain a fháil ar an eolas seo?*




**SLEAMHNÁN 11**

**Nótaí an mhúinteora**

**NB:** Bí cinnte a dhóthain cóipeanna de na cás-staidéir (Sleamhnáin 12-13) a phriontáil roimh an rang. Beidh aon chás-staidéar amháin ag teastáil in aghaidh gach grúpa bhig.

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

*Féachaimis anois ar na cás-staidéir faoi na bealaí is féidir gabháil síos le cáiliú mar mhúinteoir.*

Tabhair aon chás-staidéar amháin do gach grúpa.

*Agus tú ag léamh trí do chás-staidéar, cuir líne faoi nó aibhsigh aon fhocal nó téarma nach dtuigeann tú.*

Ar na focail/téarmaí is gá a mhíniú seans go mbeidh:

- Cás-staidéar Nasir: BEd, Dearadh Grafach, Cúrsa iar-Ardteistiméireachta, punann, Dioplóma Náisiúnta srl.
- Cás-staidéar Anna: Gnáthleibhéal/Ardleibhéal, mac léinn lánfhásta, síceolaíocht, naíolann/naíonra, céim bainte amach srl.

*I do ghrúpa:*

- *pléigh an phríomhtheachtaireacht/na príomhtheachtaireachtaí is féidir a bhaint ó do staidéar.*
- *cruthaigh amlíne (nó léiriú grafach eile) le bealach Nasir le cáiliú mar mhúinteoir ealaíne meánscoile a léiriú nó bealach Anna le héirí ina múinteoir bunscoile a léiriú.*
- *breac síos nóta faoi aon eolas nua a fhoghlaimíonn tú faoi bhealaí chuig poist/gairme beatha.*

Roghnaigh grúpaí áirithe le haiseolas a thabhairt agus éascaigh díospóireacht idir tú féin agus iad.

## Aonad 2, Gníomhaíocht 4



### Nasir

Ba le linn an dara leath de mo thaithí sa mheánscoil a rinne mé an cinneadh i m'intinn féin. Bhí mé ag iarraidh a bheith i mo mhúinteoir Ealaíne. ... Ar an drochuair, ní bhfuair mé na pointí [Ardteiste] a theastaigh uaim... Bhí mo chairde ar fad ag ceiliúradh a gcuid torthaí, agus bhí mise sa bhaile ag caoineadh toisc nach bhfuair mé na torthaí a theastaigh uaim. Bhí sé sin an-deacair. Ní bhfuair mé tairiscint CAO. Shíl mé gurbh é sin an t-aon bhealach le dul isteach sa choláiste agus tabhairt faoin rud a theastaigh uaim a dhéanamh. Tréimhse an-deacair a bhí ansin.

Spreag mo mhuintir mé leanúint orm ag dul don phost a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh le fada. Mar sin, shocraigh mé cúrsa iar-Ardteistiméireachta a dhéanamh (PLC)... cúrsa bliana le haghaidh ullmhúchán punainne. Thabharfadh sé sin deis dom mo phunann ealaíne a chur isteach chun áit a fháil sa Choláiste Ealaíne. Ach chaill mé amach ar áit sa Choláiste Ealaíne le thart ar 10 nó 15 phointe. Thug mo sheanmhúinteoir ealaíne focal misnigh dom...

Mar sin, rinne mé ard-dioplóma náisiúnta 2 bhliain sa dearadh grafach. Bhí suim i gcónaí agam sa dearadh grafach... Ba rud é a thaitin liom. Tar éis an dá bhliain, chuir mé mo phunann isteach den dara huair chuig coláistí ealaíne agus buíochas le Dia, glacadh liom.

Thug siad cead dom dul isteach sa dara bliain dá gcúrsa Baitsiléir Oideachais múinteoireacht ealaíne... Bhain sé bliain de mo chúrsa, agus bhí sé iontach an áit a fháil. Rinne mé 3 bliana sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus cháiligh mé tar éis 6 bliana (san iomlán) mar mhúinteoir Ealaíne.

Ba é lá na céime an lá ba luachmhaire. Bhraith mé go raibh an turas críochnaithe agam...

**SLEAMHNÁN 12**

## Aonad 2, Gníomhaíocht 4



### Anna

… Fuair mé pointí an-íseal [Ardteistiméireacht]. Theip orm i ngnáthleibhéal na Matamaitice, rud a chuir iontas orm... Ní raibh barúil agam cad é a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh. Bhí a fhios agam gur breá liom a bheith ag obair le páistí. Tar éis na hArdteiste, rinne mé cúrsa Iar-ardteistiméireachta bliana i gCúram Leanaí agus Luathoideachas. Ina dhiaidh sin, thosaigh mé ag obair i creche. Bhí mé 18 mbliana d'aois nuair a fuair mé mo chéad phost lánaimseartha. Chuaigh mo chairde ar fad ar aghaidh chuig an gcoláiste agus bhí mise ag obair go lánaimseartha. Bhí mé ag tuilleamh airgid, mar sin bhí mé sásta go leor. Ach, nuair a bhí mé thart ar 20, bhí mé cineál tinn tuirseach de… Bhraith mé go bhféadfainn i bhfad níos fearr a dhéanamh agus a bheith ag tuilleamh níos mó airgid. Cé go raibh an-dúil agam sna páistí, ní raibh mé sásta é a dhéanamh [níos mó].

Ní raibh mé réidh tabhairt faoin Ardteist iomlán arís... ach shocraigh mé go ndéanfainn an scrúdú Mata arís. Bhí mé 22 faoin am ar éirigh liom é sin ar fad a dhéanamh. Bhí mé fós sa phost céanna. D'éirigh liom sa Mhata... agus ba é sin tús an scéil ansin.

Bhí a fhios agam go raibh mé ag iarraidh dul ar ais chuig an gcoláiste. D'fhan mé go dtí go raibh mé 23 agus chuaigh mé ar ais mar mhac léinn lánfhásta. Mar sin, ní raibh mo phointí Ardteiste ag teastáil chun rochtain a fháil ar an gcúrsa a theastaigh uaim. Rinne mé mo bhunchéim (ceithre bliana) sa tSíceolaíocht. Roghnaigh mé é sin toisc go raibh an-suim agam sa chaoi a bhfoghlaimíonn páistí... díreach ó bheith ag obair sa naíonra.

I dtríú bliain na céime, d'airigh mé uaim a bheith ag obair le páistí. Spreagadh dúil sa léann ionam arís. Thosaigh mé ag smaoineamh 'Sílim gur mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir'. … Ní raibh mé cosúil le daoine eile a raibh a fhios acu i gcónaí go mbeadh siad ina múinteoir. Shocraigh mé [dul díreach isteach ann de bhrí go raibh ag éirí go maith liom... ach bhí Gaeilge ardleibhéil de dhíth orm... Mar sin, cé go raibh mé i mbliain dheireanach na céime, rinne mé Gaeilge na hArdteiste arís i scoil oíche. Obair dhúshlánach ba ea í. Bhí mé ag iarraidh a chruthú dom féin go raibh mé in ann a dhéanamh. Bhí mé ag iarraidh céadonóracha san fhochéim agus pas sa pháipéar ardteiste.

Chríochnaigh mé an MGO (bunscoil) cúpla bliain ó shin - bhain mé céim amach in 2019. Ba é sin an rud is fearr a rinne mé riamh. Tá mé an-sásta go ndearna mé an rogha seo.

**SLEAMHNÁN 13**




| | Bealach traidisiúnta (Bunscoil & Iar-bhunscoil) | Bealach Nasir | Bealach Anna |
|---|---|---|---|
| Céim 1 | Ardteistiméireacht a chomhlíonann riachtanais iontrála | Ardteistiméireacht (easpa pointí) | Ardteistiméireacht (easpa pointí) |
| Céim 2 | Baitsiléir Oideachais nó fochéim agus MGO ina dhiaidh sin | PLC | PLC |
| Céim 3 | | Dioplóma Náisiúnta (dearadh grafach) | Obair i creche / réamhscoil + Matamaitic na hArdteistiméireachta a dhéanamh arís |
| Céim 4 | | Baitsiléir Oideachais | Céim (Síceolaíocht) + Gaeilge na hArdteistiméireachta a dhéanamh arís |
| Céim 5 | | | MGO |
| Am ag teastáil | Baitsiléir Oideachais = 4 bliana<br>Bunchéim + MGO = 5 bliana | 6 bliana | 9 mbliana |

## SLEAMHNÁN 14

### Nótaí an mhúinteora

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *An t-eolas a thug do ghrúpaí ina gcuid amlínte, an bhfuil sé ag teacht leis na sonraí sa tábla ar an sleamhnán seo?*
- *Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an ngnáthbhealach de rogha ar an mbealach a ghabh Nasir agus Anna?* [Freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt: ní thógann sé an oiread sin ama ar dhaoine na gnáthbhealaí a chríochnú; tá sé de bhua ag na bealaí as an ngnáth go mbíonn níos mó ama le fáil iontu taithí saoil agus taithí ar chineálacha oibre eile a fháil roimh tabhairt faoin múinteoireacht agus daoine in ann an taithí sa bhreis sin a thabhairt isteach sa seomra ranga dá réir.]

*D'fhoghlaimíomar gur iomaí bealach is féidir gabháil síos chun an post/gairm bheatha is mian leat a bhaint amach. Tá a chuid buntáistí agus míbhuntáistí féin ag baint le gach bealach.*

*Dála mar a rinne Nasir agus Anna, tá sé de rogha ag daoine gabháil síos bealaí atá beagánín as an ngnáth mura n-éiríonn maith a dhóthain leo san Ardteistiméireacht, nó má thagann constaicí airgid nó eile sa bhealach orthu. An gcuimhin libh Aideen (Gníomhaíocht 1, Sleamhnán 5)? Rinne sí céim sa Cheol agus deontas rochtana beag mar chabhair di an méid sin a bhaint amach. Ní raibh airgead a dhóthain aici chun an M.O. a dhéanamh ar an bpointe boise. D'oibrigh sí mar theagascóir pianó ar feadh*

*deich mbliana sular bheartaigh sí ar fhilleadh ar an ollscoil le cháilíocht mar mhúinteoir Ceoil iar-bhunscoile a bhaint amach.*




**SLEAMHNÁN 15**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh an téacs ar an sleamhnán amach os ard agus d'aird ar am a dhóthain a fhágáil idir gach abairt le gur féidir le scoláirí machnamh a dhéanamh agus freagra a scríobh fúithi.




**SLEAMHNÁN 16**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh gach intinn foghlama os ard.

Iarr ar na daltaí ordóg a thabhairt duit má bhraitheann siad go bhfuil an rún foghlama bainte amach acu, ordóg anuas má tá tacaíocht fós ag teastáil uathu agus dorn mura bhfuil siad cinnte.




**SLEAMHNÁN 17**

**Nótaí an mhúinteora**

Tá an ghníomhaíocht bhreise a mholtar ar an sleamhnán seo nasctha le gach gníomhaíocht san aonad seo.

Tionscadal Conaire
Institiúid Oideachais
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath

DCU

HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS